**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0171/2024**

9.4.2024

# TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) a shlógadh d'Oibrithe Iomarcacha (iarratas ón Danmhairg – EGF/2023/004/DK/Danish Crown)
(COM(2024)0035 – C9-0040/2024 – 2024/0044(BUD))

An Coiste um Buiséid

Rapóirtéir: Janusz Lewandowski

## CLÁR

**Leathanach**

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ....................................3

IARSCRÍBHINN: CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE.........................................................................................................................7

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN .............................................................................................9

LITIR ÓN gCOISTE UM FHOSTAÍOCHT AGUS UM GHNÓTHAÍ SÓISIALTA .............12

IARSCRÍBHINN: ENTITIES OR PERSONS FROM WHOM THE RAPPORTEUR HAS RECEIVED INPUT .......................................................................................................17

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH.....................................18

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........19

## TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) a shlógadh d'Oibrithe Iomarcacha (iarratas ón Danmhairg – EGF/2023/004/DK/Danish Crown) (COM(2024)0035 – C9-0040/2024 – 2024/0044(BUD))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2024)0035 – C9-0040/2024),

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) d'Oibrithe Iomarcacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013[1] ('Rialachán CED'),

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021-2027[2] [3] arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2024/765[4], agus go háirithe Airteagal 8 de,

– ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[5], agus go háirithe pointe 12 de,

– ag féachaint don litir ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Buiséid (A9-0171/2024),

A. de bhrí go bhfuil ionstraimí reachtacha agus buiséadacha curtha ar bun ag an Aontas chun tacaíocht bhreise a thabhairt d'oibrithe atá thíos leis na mórathruithe struchtúracha ar phatrúin na trádála domhanda nó atá thíos leis an ngéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíoch, agus chun cúnamh a thabhairt maidir lena n-ath-imeascadh sa mhargadh saothair; de bhrí go gcuirtear an cúnamh sin ar fáil trí thacaíocht airgeadais a thugtar d'oibrithe agus na comhlachtaí inar oibrigh siad;

B. de bhrí gur chuir an Danmhairg iarratas EGF/2023/004 DK/Danish Crown isteach ar ranníocaíocht airgeadais ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED), tar éis méid iomlán de 751 n-iomarcaíocht[6] san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoi

[1] IO L 153, 3.5.2021, lch. 48.
[2] IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11.
[3] IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11.
[4] ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L, 2024/765, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/765/oj).
[5] IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.
[6] De réir bhrí Airteagal 3 de Rialachán CED.

NACE Athbhreithniú 2 rannán 10 (Monarú táirgí bia) sa réigiún Nordylland ina bhfuil 692 iomarcaíocht laistigh de thréimhse thagartha don iarratas ón 19 Bealtaine 2023 go dtí an 19 Meán Fómhair 2023, agus 59 iomarcaíocht roimh an tréimhse thagartha nó ina diaidh;

C. de bhrí go mbaineann an t-iarratas le 692 iomarcaíocht laistigh den tréimhse thagartha don iarratas, 651 oibrí iomarcacha a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht in Danish Crown (Danish Crown A/S) agus 41 oibrí iomarcacha in 2 sholáthraí agus in 2 tháirgeoir iartheachtacha de chuid Danish Crown[7];

D. de bhrí go mbaineann an t-iarratas le 59 iomarcaíocht ar tháinig deireadh lena ngníomhaíocht roimh an tréimhse thagartha ceithre mhí nó ina dhiaidh, i gcás inar féidir nasc cúisíoch soiléir a bhunú leis an teagmhas a spreag deireadh le gníomhaíocht na n-oibrithe iomarcacha le linn na tréimhse tagartha mar a cheanglaítear le hAirteagal 6(2) de Rialachán CED;

E. de bhrí go bhfuil an t-iarratas bunaithe ar na critéir idirghabhála a leagtar amach in Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán CED, lena gceanglaítear go gcuirfí 200 oibrí ar a laghad ar iomarcaíocht le linn tréimhse thagartha 4 mhí i bhfiontar i mBallstát, lena n-áirítear oibrithe ar chuir soláthraithe agus táirgeoirí iartheachtacha ar iomarcaíocht iad agus/nó daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht;

F. de bhrí go bhfuil géarchéim struchtúrach in earnáil na seamlas sa Danmhairg; de bhrí, ó 2005 i leith, gur tháinig laghdú 4,4 milliún (20 %) ar líon na muc a maraíodh sa Danmhairg; de bhrí, gurb é is cúis leis an laghdú sin den chuid is mó ná an t-athrú ó mhuca a thógáil lena marú go dtí bainbh a thógáil lena n-onnmhairiú; de bhrí go bhfuil sé níos brabúsaí d’fheirmeoirí na Danmhairge bainbh a onnmhairiú ná muca a ramhrú lena marú de bharr praghsanna ísle muiceola,

G. de bhrí gur ghrúpa de chuideachtaí bia de chuid na Danmhairge é Danish Crown a bhfuil baint acu le búistéireacht, próiseáil agus díol muiceola agus mairteola go príomha; de bhrí gurb é is cúis leis na hiomarcaíochtaí sin ná dúnadh sheamlas an ghrúpa cuideachtaí Danish Crown in Sæby i mBardas Frederikshavn tar éis laghdú líon na muc atá ar fáil lena marú;

H. de bhrí gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht AE maidir le comhiomarcaíochtaí;

I. de bhrí gur cheart ranníocaíochtaí airgeadais ó CED a dhíriú go príomha ar bhearta gníomhacha beartais maidir leis an margadh saothair agus ar sheirbhísí pearsantaithe a bhfuil sé mar aidhm leo tairbhithe a ath-imeascadh go tapa i bhfostaíocht chuibhiúil agus inbhuanaithe laistigh dá n-earnáil gníomhaíochta tosaigh nó lasmuigh di, agus iad á n-ullmhú do gheilleagar Eorpach níos glaise agus níos digití;

J. de bhrí go laghdaíonn athbhreithniú CAI an t-uasmhéid bliantúil CED ó EUR 186 mhilliún go EUR 30 milliún (i bpraghsanna 2018), mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2024/765; de bhrí gur cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar chur

[7] 37 n-oibrí iomarcacha in TekniClean A/S, agus 4 oibrí iomarcacha i Riarachán Tréidliachta agus Bia na Danmhairge.

chun feidhme CED agus gur cheart do na hInstitiúidí uile aon bhearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú gur féidir gach iarraidh ar thacaíocht CED a bhfuil údar cuí léi a chomhlíonadh mar léiriú ar dhlúthpháirtíocht an Aontais;

1. ag aontú leis an gCoimisiún go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán CED comhlíonta agus go bhfuil an Danmhairg i dteideal EUR 1 882 212 de ranníocaíocht airgeadais a fháil faoin Rialachán sin, arb ionann í agus 60 % den chostas iomlán de EUR 3 137 021, a chuimsíonn EUR 2 878 001 de chaiteachas ar sheirbhísí pearsantaithe agus EUR 259 020 de chaiteachas ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe;

2. ag tabhairt dá haire gur thíolaic údaráis na Danmhairge an t-iarratas an 6 Nollaig 2023, agus, tar éis don Danmhairg faisnéis bhreise a sholáthar, gur chuir an Coimisiún bailchríoch ar a mheasúnú an 29 Feabhra 2024 agus gur thug sé fógra do Pharlaimint na hEorpa faoi an lá céanna;

3. ag tabhairt dá haire go mbaineann an t-iarratas le 751 oibrí iomarcacha a ndearna dúnadh sheamlas Danish Crown in Sæby difear dóibh; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go mbeidh 390 oibrí iomarcacha san iomlán ina dtairbhithe spriocdhírithe agus go bhfuiltear ag dréim leis go nglacfaidh siad páirt sna bearta;

4. ag tabhairt dá haire go bhfuil leibhéil ísle cáilíochtaí foirmiúla ag formhór na n-oibrithe (46 %) nó cáilíochtaí agus scileanna atá réasúnta as dáta acu (40 %); ag tabhairt dá haire gur de chúlra imirceach iad 305 (41 %) na n-oibrithe iomarcacha agus nach bhfuil siad líofa sa Danmhairgis; moltar sa phacáiste CED freisin bearta maidir le hinniúlachtaí ginearálta a fheabhsú, lena n-áirítear feabhas a chur ar scileanna teanga sa Danmhairgis;

5. á chur in iúl gur geal léi gur dhréachtaigh an Danmhairg an pacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe i gcomhairle le tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu, lena n-ionadaithe foirne agus lena gcomhpháirtithe sóisialta;

6. á mheabhrú gurb é atá sna seirbhísí pearsantaithe atá le soláthar d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe ná na gníomhaíochtaí seo a leanas: spreagadh, coinneáil, oiliúint maidir le hinniúlachtaí ginearálta, oiliúint maidir le huas-sciliú/athsciliú, agus liúntas oiliúna/liúntas um chuardach poist;

7. á chur in iúl gur geal go mór leis gur tarraingíodh suas tairiscintí oiliúna agus roinnt staidéar á mbreithniú, amhail Jobbarometer 2023 (anailís ar riachtanais saothair áitiúla i mBardais Frederikshavn, Hjørring, Jammerbugt agus Brønderslev), Cothromaíocht Dhébhliantúil an Mhargaidh Saothair a sholáthraíonn forbhreathnú ar fholúntais phoist fhéideartha, agus anailís FremKom4 ar scileanna, agus gurb é is aidhm dó cur le hinniúlachtaí ginearálta (lena n-áirítear inniúlachtaí teanga agus uimhearthachta), inniúlachtaí digiteacha agus feabhas a chur scileanna le haghaidh poist a bhfuil ganntanas scileanna ann ina leith;

8. á chur i bhfáth go háirithe a thábhachtaí atá Airteagal 7(2) de Rialachán CED, lena gceanglaítear go mbeidh pacáiste comhordaithe ann chun na peirspictíochtaí agus na scileanna riachtanacha sa mhargadh saothair amach anseo a réamh-mheas, ar nithe iad atá i gcomhréir leis an aistriú i dtreo geilleagar atá inbhuanaithe agus éifeachtúil ó

thaobh acmhainní de agus lena ndíreofar go háirithe ar leathadh na scileanna a theastaíonn sa ré dhigiteach thionsclaíoch;

9. ag tabhairt dá haire gur thosaigh an Danmhairg seirbhísí pearsantaithe a chur ar fáil do na tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu an 16 Deireadh Fómhair 2023 agus go mbeidh, dá bhrí sin, tréimhse na hincháilitheachta le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 16 Deireadh Fómhair 2023 go ceann 24 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an chinnidh maoiniúcháin;

10. ag tabhairt dá haire gur thosaigh an Danmhairg ar chaiteachas a thabhú chun CED a chur chun feidhme an 1 Meitheamh 2023, agus go mbeidh an caiteachas le haghaidh gníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe incháilithe dá bhrí sin le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 1 Meitheamh 2023 go ceann 31 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an chinnidh maoiniúcháin;

11. á chur i bhfáth gur dhearbhaigh údaráis na Danmhairge nach bhfaigheann na gníomhaíochtaí incháilithe cúnamh ó chistí nó ionstraimí airgeadais eile an Aontais, agus go n-urramófar prionsabail na córa comhionainne agus an neamh-idirdhealaithe maidir le rochtain ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe agus maidir lena gcur chun feidhme;

12. á athdhearbhú nach mór nach dtiocfaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED in ionad gníomhaíochtaí a bhfuil na cuideachtaí freagrach astu, de bhua an dlí náisiúnta nó comhaontuithe comhchoiteanna, nó aon cheann de liúntais nó cearta oibrithe iomarcacha, chun breisíocht iomlán an leithdháilte a áirithiú;

13. ag formheas an chinnidh a ghabhann leis an rún seo;

14. á threorú dá hUachtarán an cinneadh a shíniú in éineacht le hUachtarán na Comhairle agus a shocrú go ndéanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

15. á threorú dá hUachtarán an rún seo, mar aon leis an iarscríbhinn a ghabhann leis, a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

## IARSCRÍBHINN: CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón Danmhairg – EGF/2023/004 DK/Danish Crown**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013[1], agus go háirithe Airteagal 15(1), an chéad fhomhír, de,

ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[2], agus go háirithe pointe 9 de,

ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

de bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm don Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) dlúthpháirtíocht a léiriú agus fostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe a chur chun cinn san Aontas trí thacaíocht a thabhairt d'oibrithe ar cuireadh ar iomarcaíocht iad agus do dhaoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht i gcás mórtheagmhais athstruchtúraithe, agus cúnamh a thabhairt dóibh filleadh ar fhostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe a luaithe is féidir.

(2) Ní rachaidh CED thar uasmhéid bliantúil EUR 30 mhilliún (praghsanna 2018) faoi mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle[3].

(3) An 6 Nollaig 2023, chuir an Danmhairg iarratas isteach chun CED a shlógadh i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2021/691, i leith iomarcaíochtaí na n-oibrithe in Danish Crown agus in 2 sholáthraí agus in 2 tháirgeoir iartheachtacha san Danmhairg, san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoin Aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa Chomhphobal Eorpach ('NACE')[4], Athbhreithniú 2, rannán 10 (Monarú táirgí bia) in aicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh ('NUTS')[5], réigiún de leibhéal 2 de Nordjylland (DK05) sa Danmhairg. Bhí

---

[1] IO L 153, 3.5.2021, lch. 48.

[2] IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 29

[3] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11).

[4] Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1).

[5] Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1755 ón gCoimisiún an 8 Lúnasa 2019 lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú aicmiú coiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS) a bhunú.

faisnéis bhreise ann mar fhorlíonadh ar an iarratas sin, ar faisnéis í a soláthraíodh i gcomhréir le hAirteagal 8(5) de Rialachán (AE) 2021/691. Meastar go gcomhlíonann an t-iarratas sin na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais ó CED a sholáthar, mar a leagtar síos in Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2021/691, ar bhonn an mheasúnaithe a rinne an Coimisiún sa Togra le haghaidh cinneadh maidir le slógadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6].

(4) Dá bhrí sin, ba cheart CED a shlógadh chun ranníocaíocht airgeadais EUR 1 882 212 a sholáthar i leith an iarratais a chuir an Danmhairg isteach.

(5) Chun íoslaghdú a dhéanamh ar an am a theastaíonn chun úsáid a bhaint as CED, ba cheart feidhm a bheith ag an gcinneadh seo ó dháta a ghlactha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Faoi chuimsiú bhuiséad ginearálta an Aontais do bhliain airgeadais 2024, déanfar an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh chun méid EUR 1 882 212 a sholáthar ina leithreasuithe i gcomhair gealltanas agus ina leithreasuithe íocaíochta.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Beidh feidhm aige ó [*dháta a ghlactha*][].

Arna dhéanamh i/sa,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
An tUachtarán

*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán

IO L 270, 24.10.2019, lgh. 1–56.

[6] COM(2024) 035.

[] An dáta le cur isteach ag an bParlaimint sula bhfoilseofar san Iris Oifigiúil é.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

### I. Cúlra

Cruthaíodh an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) chun tuilleadh cúnaimh a thabhairt d'oibrithe a ndearna mórathruithe struchtúracha ar phatrúin na trádála domhanda difear dóibh.

I gcomhréir le pointe 9 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020[7], tar éis measúnú dearfach ar iarratas, ceanglaítear ar an gCoimisiún togra a chur faoi bhráid an údaráis bhuiséadaigh maidir leis an gCiste a shlógadh agus é a chomhlánú le hiarraidh chomhfhreagrach ar aistriú chuig na línte buiséid ábhartha.

### II. An t-iarratas ón Danmhairg agus an togra ón gCoimisiún

An 6 Nollaig 2023, chuir an Danmhairg iarratas EGF/2023/004 DK/Danish Crown isteach le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED, tar éis 751 iomarcaíocht[8] ag an gcuideachta Danish Crown (Danish Crown A/S) agus in 2 sholáthraí agus i dtáirgeoirí iartheachtacha mar thoradh ar dhúnadh sheamlas Danish Crown in Sæby. Is é sin an ceathrú cur i bhfeidhm ó 2023 agus an dara ceann a scrúdaíodh faoi bhuiséad 2024.

Tar éis measúnú a dhéanamh ar an iarratas sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, i gcomhréir leis na forálacha uile is infheidhme de Rialachán CED, go gcomhlíontar na coinníollacha chun ranníocaíocht airgeadais a dhámhachtain ó CED.

An 29 Feabhra 2024, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh cinneadh maidir le slógadh CED i bhfabhar na Danmhairge chun tacú le hath-imeascadh 390 thairbhí spriocdhírithe sa mhargadh saothair, i.e. oibrithe ar chuir VAD ar iomarcaíocht iad mar thoradh ar dhúnadh sheamlas Danish Crown in Sæby. San iomlán, slógfar EUR 1 882 212 ó CED don Danmhairg, arb ionann é agus 60 % de chostais iomlána na ngníomhaíochtaí atá beartaithe.

Chinn an Coimisiún go raibh iarratas na Danmhairge inghlactha faoi na critéir idirghabhála a leagtar amach in Airteagal 4(2)(a) den Rialachán maidir le CED, lena gceanglaítear go gcuirfí ar a 200 oibrí ar a laghad ar iomarcaíocht le linn tréimhse thagartha ceithre mhí i bhfiontar atá lonnaithe i mBallstát, lena n-áirítear oibrithe ar chuir soláthraithe agus táirgeoirí iartheachtacha ar iomarcaíocht iad agus/nó daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht.

Féadfar cómhaoiniú CED a iarraidh le haghaidh na gcúig chineál gníomhaíochta seo a leanas, a chuirfear ar fáil d'oibrithe iomarcacha:

(a) Spreagadh: Is meascán d'fhaisnéis, de spreagadh agus de chomhairleoireacht atá sa chéad bheart sin, mar aon leis an bpróifíliú oibrithe. Is é príomhsprioc an phróisis spreagtha muinín na rannpháirtithe as a gcumas féin a fhorbairt, a chur in iúl dóibh go gcuideoidh feabhsú a gcuid scileanna leo post nua a fháil, plé a dhéanamh ar bhacainní a d'fhéadfadh bac a chur ar fheabhsú a gcuid scileanna agus teacht ar réitigh chun na bacainní sin a bhaint.

---

[7] Comhaontú idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach, IO L 433I , 22.12.2020, lch. 28.

[8] De réir bhrí Airteagal 3 de Rialachán CED.

(b) Coinneáil: Is é is cuspóir don bheart seo an spreagadh chun páirt a ghlacadh i gconairí oideachais agus uas-scilithe a choinneáil ar bun trí thacaíocht a thabhairt d'oibrithe iomarcacha trí bhíthin meantóireachta agus comhairle, rud lena gcuidítear leo dúshláin a réiteach agus bacainní a íoslaghdú,

(c) Oiliúint maidir le hinniúlachtaí ginearálta: In Acht na Danmhairge um Iarrachtaí Fostaíochta Gníomhacha leagtar síos nach mór oiliúint léitheoireachta, scríbhneoireachta, uimhríochta agus disléicse a chur ar fail d'oibrithe iomarcacha, más gá. Dá bhrí sin, leis an tairiscint oiliúna den phacáiste CED treisítear an bhunoiliúint dá bhforáiltear leis an dlí agus dírítear ar an oideachas aosach ginearálta lenar féidir feabhas a chur ar ábhar amháin nó níos mó ar leibhéal na bunscoile, mar aon le scileanna Danmhairgise. Tá oiliúint sa Danmhairgis ábhartha go háirithe ós rud é go mbaineann cúlra imirceach le 41 % de na hoibrithe iomarcacha agus nach bhfuil siad líofa sa Danmhairgis. Tá oiliúint i scileanna digiteacha agus oiliúint ad-hoc saincheaptha d'iaroibrithe ón gcomhlacht Danish Crown beartaithe freisin. Meascán d'oiliúint teanga agus tacaíocht atá dírithe ar an bhfostaíocht (cuardach poist san áireamh) atá san oiliúint oiriúnaithe chun cuidiú le rannpháirtithe riachtanais dhlí an tsaothair a chomhlíonadh agus nascadh an athuair leis an margadh saothair.

(d) Oiliúint maidir le huas-sciliú/athsciliú: Ní fhreagraíonn próifílí na n-oibrithe iomarcacha do na scileanna atá á lorg sa mhargadh saothair. Tá leibhéil ísle cáilíochtaí foirmiúla ag formhór na n-oibrithe (46 %) nó cáilíochtaí agus scileanna atá réasúnta as dáta (40 %). Baineann formhór na n-oibrithe nach bhfuil ach bunoideachas acu leis an aoisghrúpa 30-39 mbliana, agus baineann formhór na n-oibrithe a bhfuil gairmoideachas agus gairmoiliúint (VET) acu agus arb é sin an leibhéal oideachais is airde atá acu leis an aoisghrúpa 50-59 mbliana. Áirítear leis an tairiscint oiliúna conairí níos giorra chun scileanna a fheabhsú (oiliúint AMU) agus gairmoiliúint atá bunaithe ar mheasúnú inniúlachtaí (RKV) lena ndeimhnítear aon inniúlacht a fuarthas sa chóras oideachais foirmiúil, ag an obair nó in oiliúint leanúnach. Le AMU dírítear ar oiliúint a chur ar dhaoine fásta ar bheagán oiliúna agus cumhdaítear leis formhór na gceirdeanna, na dtionscal agus na seirbhísí. Cuimsíonn tairiscint AMU idir chúrsaí tosaigh agus chúrsaí an-speisialaithe. Cuirtear oiliúint ar fáil i gceardlanna atá cosúil le timpeallacht oibre na bhfiontar.

(e) Liúntas oiliúna/liúntas um chuardach poist: Gheobhaidh na hoibrithe liúntas le linn dóibh a bheith ag gabháil don oiliúint nó do chuardach poist.

De réir an Choimisiúin, is ionann na bearta a bhfuil tuairisc orthu anseo agus bearta gníomhacha maidir leis an margadh saothair laistigh de na gníomhaíochtaí incháilithe a leagtar amach in Airteagal 7 de Rialachán CED agus ní dhéanann siad ionadú ar bhearta cosanta sóisialta éighníomhacha.

Sholáthair an Danmhairg an fhaisnéis a theastaíonn maidir le gníomhaíochtaí atá éigeantach don fhiontar lena mbaineann de bhua an dlí náisiúnta nó de bhun comhaontuithe comhchoiteanna. Dheimhnigh siad nach dtiocfaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED in ionad na ngníomhaíochtaí sin.

**Nós imeachta**

Chun an Ciste a shlógadh, tá iarraidh curtha ag an gCoimisiún faoi bhráid an Údaráis Bhuiséadaigh chun méid iomlán de EUR 1 882 212 a aistriú ó chúlchiste CED (líne bhuiséid 30 04 02; leithreasuithe faoi chomhair gealltanas) chuig CED (líne bhuiséid 16 02 02; leithreasuithe faoi chomhair gealltanas).

De réir comhaontú inmheánach laistigh den Pharlaimint, ba cheart baint a bheith ag an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta agus ag an gCoiste um Beartas Réigiúnach leis an bpróiseas, chun tacaíocht chuiditheach a thabhairt agus chun rannchuidiú leis an measúnú ar na hiarratais ón gCiste.

19.3.2024

## LITIR ÓN gCOISTE UM FHOSTAÍOCHT AGUS UM GHNÓTHAÍ SÓISIALTA

An tUasal Johan Van Overtveldt
An Cathaoirleach
An Coiste um Buiséid
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim maidir le togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón Danmhairg – EGF/2023/004 DK Danish Crown (2024/0044(BUD))

A Chathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta dá dtagraítear thuas, tá iarrtha ar an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta tuairim a chur faoi bhráid do choiste agus chinn sé an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach.

Rinne an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta breithniú ar an ábhar ag a chruinniú an 19 Márta 2024 agus chinn sé a iarraidh ar an gCoiste um Buiséid, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin.

Is mise, le meas,

Dragoş Pîslaru

## MOLTAÍ

A. de bhrí gur chuir an Danmhairg, an 6 Nollaig 2023, iarratas EGF/2023/004 DK/Danish Crown isteach le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED), de dheasca iomarcaíochtaí sa chomhlacht Danish Crown agus dhá sholáthraí agus dhá tháirgeoir iartheachtacha sa Danmhairg;

B. de bhrí go mbaineann an t-iarratas le 692 iomarcaíocht laistigh den tréimhse thagartha don iarratas, is é sin 651 oibrí iomarcacha a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht in Danish Crown (Danish Crown A/S), ag oibriú san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoi NACE Athbhreithniú 2, rannán 10 (Monaraíocht táirgí bia), agus 41 oibrí iomarcacha in 2 sholáthraí agus in 2 tháirgeoir iartheachtacha de chuid Danish Crown sa réigiún NUTS 2 de Nordylland (an Iútlainn Thuaidh, DK05); de bhrí go n-áirítear leis na tairbhithe incháilithe, i dteannta na n-oibrithe sin, 59 oibrí iomarcacha a raibh deireadh tagtha lena ngníomhaíocht roimh an tréimhse thagartha 4 mhí nó ina diaidh sin; de bhrí gur 751 duine an líon iomlán tairbhithe incháilithe;

C. de bhrí gur chinn an Coimisiún go raibh iarratas na Danmhairge inghlactha faoi na critéir idirghabhála a leagtar amach in Airteagal 4(2)(a) den Rialachán maidir le CED, lena gceanglaítear go gcuirfí ar a 200 oibrí ar a laghad ar iomarcaíocht le linn tréimhse thagartha ceithre mhí i bhfiontar atá lonnaithe i mBallstát, lena n-áirítear oibrithe ar chuir soláthraithe agus táirgeoirí iartheachtacha ar iomarcaíocht iad agus/nó daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht.

D. de bhrí, an 29 Feabhra 2024, gur ghlac an Coimisiún togra le haghaidh cinneadh maidir le slógadh CED i bhfabhar na Danmhairge chun tacú le hath-imeascadh 390 thairbhí spriocdhírithe sa mhargadh saothair, i.e. oibrithe ar chuir VAD ar iomarcaíocht iad mar thoradh ar dhúnadh sheamlas Danish Crown in Sæby;

E. de bhrí gur ghrúpa de chuideachtaí bia de chuid na Danmhairge é Danish Crown a bhfuil baint acu le búistéireacht, próiseáil agus díol muiceola agus mairteola go príomha; de bhrí gurb é is cúis leis na hiomarcaíochtaí sin ná dúnadh sheamlas an ghrúpa cuideachtaí Danish Crown in Sæby i mBardas Frederikshavn tar éis laghdú líon na muc atá ar fáil lena marú;

F. de bhrí go bhfuil géarchéim struchtúrach in earnáil na seamlas sa Danmhairg; de bhrí, ó 2005 i leith, gur tháinig laghdú 4,4 milliún (20 %) ar líon na muc a maraíodh sa Danmhairg; de bhrí, gurb é is cúis leis an laghdú sin den chuid is mó ná an t-athrú ó mhuca a thógáil lena marú go dtí bainbh a thógáil lena n-onnmhairiú; de bhrí go bhfuil sé níos brabúsaí d'fheirmeoirí na Danmhairge bainbh a onnmhairiú ná muca a ramhrú lena marú de bharr praghsanna ísle muiceola;

G. de bhrí, ó bhí géarchéim airgeadais 2008 ann, gur tháinig laghdú 36 % ar líon na bpost in earnáil na tionsclaíochta agus na táirgeachta i mbardas Frederikshavn, is é sin trí oiread an ráta náisiúnta; de bhrí, cé go bhfuil an dífhostaíocht san Iútlainn Thuaidh íseal (3,1 % i mí Lúnasa 2023), go bhfuil sé beagán níos airde ná an meán náisiúnta (2,8 %); de bhrí gur tháinig méadú 10 % ar líon na ndaoine dífhostaithe sa réigiún in 2023 i gcomparáid le 2022; de bhrí go ndearnadh difear do na bardais ar fad; de bhrí gur lean líon na mban a bhí dífhostaithe mar an gcéanna, agus gur mhéadaigh líon na bhfear a

bhí dífhostaithe 20 %; de bhrí go gcruthaíonn míchothromaíochtaí inscne sa mhargadh saothair réigiúnach deacrachtaí nuair a fhostaítear daoine; de bhrí gurb é san earnáil phríobháideach is mó a bhíonn fir ag obair agus go bhfuil barraíocht fear in earnáil na talmhaíochta, na tionsclaíochta agus na ceardaíochta, agus go bhfuil barraíocht ban sa riarachán poiblí agus in earnáil an oideachais, na sláinte, an chultúir agus na fóillíochta; de bhrí go léiríonn miondealú inscne na n-oibrithe iomarcacha ón gcomhlacht Danish Crown an éagothroime sin (86 % fir agus 14 % mná); de bhrí, de réir anailís FremKom4, go bhfuil ganntanas oibrithe cáilithe san Iútlainn Thuaidh, sa réimse teicniúil (an t-aistriú glas) agus sa chúram, sa tsláinte agus san oideolaíocht (leas sóisialta) agus go bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh méadú air sin;

H. de bhrí gur chomhlíon Danish Crown dlí na Danmhairge maidir le hiomarcaíochtaí comhchoiteanna, lena mbunaítear nós imeachta éigeantach maidir le hionadaithe na n-oibrithe a chur ar an eolas agus maidir le dul i gcomhairle leo; de bhrí, leis an nós imeachta, gur féidir féachaint an bhféadfaí iomarcaíochtaí a sheachaint nó an líon iomarcaíochtaí a laghdú; de bhrí, díreach tar éis an chinnidh suíomh Sæby a dhúnadh, gur chuir bainistíocht an fhiontair agus ionadaithe na bhfostaithe tús le hidirbheartaíocht ar phlean sóisialta, lena n-áirítear tairiscintí do shocrú amach i suíomhanna eile de chuid Danish Crown, comhairleoireacht aonair, agallaimh phoist agus oiliúna, agus liúntais athlonnaithe dóibh siúd a cuireadh amach chuig seamlas eile de chuid an chomhlachta Danish Crown; de bhrí, i mí na Bealtaine 2023, gur reáchtáladh aonach gairmeacha inmheánach inar díríodh ar thart ar 400 post inmheánacha sa chomhlacht Danish Crown, agus go ndeachthas ar turas bus chuig seamlais eile de chuid Danish Crown sa Danmhairg ina dhiaidh sin; de bhrí, ina theannta sin, go gcuireann an comhlacht Danish Crown aon mhilliún Krone na Danmhairge (thart ar EUR 134 050) leis an sciar cómhaoinithe náisiúnta de chostas na mbeart;

I. de bhrí, maidir leis na bearta a gheobhaidh tacaíocht ó CED, gur dheimhnigh an Danmhairg nach bhfaigheadh na bearta sin aon ranníocaíochtaí airgeadais ó ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais freisin;

J. de bhrí gur chuir an Danmhairg in iúl gur tarraingíodh suas an pacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe i gcomhairle leis an gceardchumann NNF, i gcomhréir le hAirteagal 7(4) de Rialachán (AE) 2021/691;

K. de bhrí nach sáróidh CED uasmhéid bliantúil de EUR 186 mhilliún (i bpraghsanna 2018), mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027;

dá bhrí sin, iarrann an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta ar an gCoiste um Buiséid, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a chomhtháthú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. ag meabhrú gurb é cuspóir CED dlúthpháirtíocht le tairbhithe a léiriú agus tacú leo; á mheas gur cheart ranníocaíochtaí airgeadais ó CED a dhíriú go príomha ar bhearta gníomhacha beartais maidir leis an margadh saothair agus ar sheirbhísí pearsantaithe arb é is aidhm dóibh tairbhithe a lánpháirtiú go mear i bhfostaíocht atá cuibhiúil agus inbhuanaithe laistigh nó lasmuigh dá n-earnáil gníomhaíochta tosaigh; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé oibrithe a ullmhú d’aistrithe glasa agus digiteacha gheilleagar agus

shochaí na hEorpa, a bhfuil géarghá leo; ag athdhearbhú, sa chomhthéacs sin, an róil thábhachtaigh atá ag an Aontas, lena n-áirítear trí CED, maidir le rannchuidiú le maoiniú na gcáilíochtaí is gá don aistriú cóir i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip;

2. ag aontú leis an gCoimisiún go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán CED comhlíonta agus go bhfuil an Danmhairg i dteideal EUR 1 882 212 de ranníocaíocht airgeadais a fháil faoin Rialachán sin, arb ionann í agus 60 % den chostas iomlán de EUR 3 137 021, a chuimsíonn EUR 2 878 001 de chaiteachas ar sheirbhísí pearsantaithe agus EUR 259 020 de chaiteachas ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe;

3. á chur in iúl gur geal leis gur ullmhaíodh iarratas na Danmhairge i ndlúthchomhar le bardas Frederikshavn, Gníomhaireacht na Danmhairge um an Margadh Saothair agus Earcaíocht agus Comhairle Mhargadh Saothair Thuaisceart na Danmhairge, gur thionóil bardas Frederikshavn cruinniú le hinstitiúidí ábhartha oideachais a d'fhéadfadh a bheith páirteach san oiliúint maidir le huas-sciliú/athsciliú chun an tairiscint a ailíniú le riachtanais agus le hionchais, chomh maith leis an bhfíoras gur tarraingíodh suas an pacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe i gcomhairle leis an gceardchumann NNF;

4. ag tabhairt dá haire go mbaineann an t-iarratas le 751 oibrí iomarcacha a ndearna dúnadh sheamlas Danish Crown in Sæby difear dóibh; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go mbeidh 390 oibrí iomarcacha san iomlán ina dtairbhithe spriocdhírithe agus go bhfuiltear ag dréim leis go nglacfaidh siad páirt sna bearta; ag aithint nach bhfhreagraíonn próifílí na n-oibrithe iomarcacha leis na scileanna atá á lorg sa mhargadh saothair, ós rud é go bhfuil leibhéil ísle cáilíochtaí foirmiúla (46 %) nó cáilíochtaí agus scileanna sách as dáta (40 %) ag formhór na n-oibrithe iomarcacha, go mbaineann formhór na n-oibrithe nach bhfuil ach bunoideachas acu leis an aoisghrúpa 30-39 mbliana, agus go mbaineann formhór na n-oibrithe a bhfuil gairmoideachas agus gairmoiliúint (VET) acu agus arb é sin an leibhéal oideachais is airde atá acu leis an aoisghrúpa 50-59 mbliana; ag tabhairt dá haire gur de chúlra imirceach iad 41 % de na hoibrithe iomarcacha agus nach bhfuil siad líofa sa Danmhairgis; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur fir iad 85,90 % astu sin, gur mná iad 14,10 % agus go bhfuil 10 % acu faoi bhun 30 bliain d'aois; á chur i bhfáth gur cheart riachtanais shonracha na ngrúpaí sin a chur i gcuntas agus seirbhísí pearsantaithe á soláthar;

5. á chur i bhfáth, maidir leis na bearta a gheobhaidh tacaíocht ó CED, gur dheimhnigh an Danmhairg nach bhfaighidh siad aon ranníocaíochtaí airgeadais ó ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais;

6. ag tabhairt dá haire gurb é atá sna seirbhísí pearsantaithe atá le soláthar do na hoibrithe ná na bearta seo a leanas: (a) spreagadh (meascán d'fhaisnéis, de spreagadh, agus de chomhairleoireacht, mar aon le próifíliú a dhéanamh ar oibrithe), (b) coinneáil (féachaint leis an spreagadh chun páirt a ghlacadh i gconairí oideachais agus uas-scilithe a choinneáil ar bun trí thacaíocht a thabhairt d'oibrithe iomarcacha trí bhíthin meantóireachta agus comhairle, rud lena gcuidítear leo dúshláin a réiteach agus bacainní a íoslaghdú), (c) oiliúint maidir le hinniúlachtaí ginearálta (oideachas aosach ginearálta lenar féidir feabhas a chur ar ábhar amháin nó níos mó ar leibhéal na bunscoile, mar aon

le scileanna Danmhairgise), (d) oiliúint maidir le huas-sciliú/athsciliú, agus (e) liúntas oiliúna/cuardaigh poist;

7. á chur in iúl gur geal go mór leis gur tarraingíodh suas tairiscintí oiliúna agus roinnt staidéar á mbreithniú, amhail Jobbarometer 2023 (anailís ar riachtanais saothair áitiúla i mBardais Frederikshavn, Hjørring, Jammerbugt agus Brønderslev), Cothromaíocht Dhébhliantúil an Mhargaidh Saothair a sholáthraíonn forbhreathnú ar fholúntais phoist fhéideartha, agus anailís FremKom4 ar scileanna, agus gurb é is aidhm dó cur le hinniúlachtaí ginearálta (lena n-áirítear inniúlachtaí teanga agus uimhearthachta), inniúlachtaí digiteacha agus feabhas a chur scileanna le haghaidh poist a bhfuil ganntanas scileanna ann ina leith;

8. á chur i bhfáth go háirithe a thábhachtaí atá Airteagal 7.2 de Rialachán CED, lena gceanglaítear go mbeidh pacáiste comhordaithe ann chun na peirspictíochtaí agus na scileanna riachtanacha sa mhargadh saothair amach anseo a réamh-mheas, ar nithe iad atá i gcomhréir leis an aistriú i dtreo geilleagar atá inbhuanaithe agus éifeachtúil ó thaobh acmhainní de agus lena ndíreofar go háirithe ar leathadh na scileanna a theastaíonn sa ré dhigiteach thionsclaíoch;

9. ag meabhrú na féidearthachta atá ann le haghaidh bearta speisialta a bhfuil teorainn ama leo laistigh den phacáiste comhordaithe lena n-áirítear, inter alia, liúntais cúraim leanaí a íoc, mar a fhoráiltear in Airteagal 7.2 b de Rialachán CED, chun rannpháirtíocht cuardaitheoirí poist sna gníomhaíochtaí atá beartaithe a éascú.

## IARSCRÍBHINN: ENTITIES OR PERSONS FROM WHOM THE RAPPORTEUR HAS RECEIVED INPUT

Dearbhaíonn an Rapóirtéir faoina fhreagracht eisiach nach bhfuair sé ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 8.4.2024 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 24<br>–: 0<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Rasmus Andresen, Olivier Chastel, Andor Deli, Pascal Durand, Eider Gardiazabal Rubial, Alexandra Geese, Eero Heinäluoma, Hervé Juvin, Fabienne Keller, Joachim Kuhs, Pierre Larrouturou, Margarida Marques, Siegfried Mureşan, Andrey Novakov, Eleni Stavrou, Nils Torvalds, Nils Ušakovs |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Anna-Michelle Asimakopoulou, Herbert Dorfmann, Jan Olbrycht |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Karolin Braunsberger-Reinhold, Petra Kammerevert, Wolfram Pirchner, Dominique Riquet, Mounir Satouri |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 24 | + |
|---|---|
| NI | Andor Deli, Hervé Juvin |
| PPE | Anna-Michelle Asimakopoulou, Karolin Braunsberger-Reinhold, Herbert Dorfmann, Siegfried Mureşan, Andrey Novakov, Jan Olbrycht, Wolfram Pirchner, Eleni Stavrou |
| Renew | Olivier Chastel, Fabienne Keller, Dominique Riquet, Nils Torvalds |
| S&D | Pascal Durand, Eider Gardiazabal Rubial, Eero Heinäluoma, Petra Kammerevert, Pierre Larrouturou, Margarida Marques, Nils Ušakovs |
| Verts/ALE | Rasmus Andresen, Alexandra Geese, Mounir Satouri |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 1 | 0 |
|---|---|
| ID | Joachim Kuhs |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh